NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Straitéis Taighde 2023 – 2026

Iúil, 2023

## Clár Ábhar

**RÉAMHRÁ** .......... 1

**FÍS** .......... 2

**PRIONSABAIL** .......... 2

**PRÓIFÍL TAIGHDE NA HEAGRAÍOCHTA** .......... 3

**CONCLÚID** .......... 4

**AGUISÍN 1: RÁITEAS EITICIÚIL CHUN TACÚ LEIS AN STRAITÉIS TAIGHDE AGUS CHUN BONN EOLAIS A CHUR FÚITHI** .......... 5

# Réamhrá

Eascraíonn Straitéis Taighde na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) as Plean Straitéiseach na heagraíochta le haghaidh 2022–2025. Tá misean ag CNCM comhairle a chur ar an Aire Oideachais faoi churaclam agus faoi mheasúnú don oideachas luathóige, bunscoile agus iar-bhunscoile. Ceann de na bealaí ina mbaintear é seo amach is ea 'taighde a dhéanamh, a úsáid agus a roinnt mar bhonn le comhairle, plé agus díospóireacht ar mhúinteoireacht, foghlaim agus measúnú' (CNCM, 2022, 14). Tá an Sprioc Straitéiseach a bhaineann leis an ngné seo de mhisean na heagraíochta bainteach le prionsabail na Straitéise Taighde agus deirtear ann go ndéanfaidh CNCM an méid seo a leanas:

> *Déanfaidh siad fianaise taighde dhian thoilithe a ghiniúint, a úsáid agus a scaipeadh ar mhaithe le comhairle a cheapadh agus cleachtas a fhorbairt i dtaca le cúrsaí curaclaim agus measúnaithe i ngach suíomh oideachais. Trí dhearadh taighde, beimid rannpháirteach le héagsúlacht na bpáirtithe leasmhara sa chóras oideachais, lena n-áirítear páistí[1], scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí/cleachtóirí agus ceannairí scoile ar bhealaí barántúla, comhoibríocha agus fiúntacha. Déanfaimid taighde a ghin CNCM a roinnt agus a úsáid agus obair na dtaighdeoirí eile chun eolas a dhéanamh don dioscúrsa agus é a spreagadh maidir le cúrsaí a bhaineann lenár gcuraclam agus lenár gcomhairle measúnaithe. Cuirfimid le tógáil toillte maidir le taighde ar fud an chórais oideachais. (CNCM, 2022, 18)*

Cuirfidh an Straitéis Taighde leis an Sprioc Taighde ar Eolas agus Taighde, agus leis an Sprioc Taighde a bhaint amach ar Rannpháirtíocht agus Comhoibriú, go háirithe maidir le tacaíocht CNCM d'fhoghlaim, do theagasc agus do chleachtais mheasúnaithe a ndéanann fianaise eolas dóibh (CNCM, 2022, 17).

Sa Straitéis Taighde seo, cuirtear i láthair an Fhís agus na Prionsabail a stiúrann gníomhaíocht taighde CNCM agus tugtar breac-chuntas inti ar chomhthéacs agus raon na gníomhaíochta sin. Glacann CNCM a taighde agus a freagrachtaí i ndáiríre i ngach foirm a mhúnlaítear a gníomhaíocht taighde agus tá CNCM tiomanta do na caighdeáin is airde d'iompraíocht eiticiúil a chur i bhfeidhm.

---

[1] *Úsáideann an straitéis seo 'páistí' nuair atáthar ag tagairt do shuíomhanna luath-óige agus do bhunscoileanna; agus, 'scoláirí' nuair atáthar ag tagairt d'iar-bhunscoileanna. Úsáidtear an téarma 'daoine óga' chun tagairt a dhéanamh do na foghlaimeoirí óga ar fud chontanam an oideachais ar fad ón luath-óige go dtí deireadh na sraithe sinsearaí, lena n-áirítear daoine fásta óga.*

Cuimsítear leis an Straitéis Taighde seo, 2023–2026 Ráiteas Eiticiúil nua, ina n-aithnítear na himpleachtaí agus na machnaimh eiticiúla a eascraíonn as gníomhaíocht taighde CNCM agus tá sí deartha chun soiléireacht agus treoir a chur ar fáil do bhaill foirne CNCM agus do na daoine atá rannpháirteach i ngníomhaíocht taighde ar a son.

## Fís

Cultúr bunaithe ar fhianaise le haghaidh nuálaíocht agus forbairt curaclaim agus measúnaithe ar fud chontanam an oideachais in Éirinn, ina gcuimsítear oideachas luathóige, bunscoile agus iar-bhunscoile.

## Prionsabail

Tá an Straitéis Taighde seo bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

### Ionracas

Bunaíonn CNCM forbairt a curaclaim agus a measúnaithe ar fhianaise taighde atá críochnúil agus fónta.

### Ionchuimsitheacht

Bíonn rannpháirtíocht ghníomhach idir taighde CNCM agus na páirtithe leasmhara ilghnéitheacha sa chóras oideachais, daoine óga, tuismitheoirí, agus oideoirí san áireamh, i mbealaí barántúla, comhoibríocha agus fiúntacha.

### Tionchar

Déanann taighde CNCM plé náisiúnta agus idirnáisiúnta ar cheisteanna criticiúla san oideachas a spreagadh le comhráite cómhalartacha, agus cuireann sí bonn eolais faoin bplé sin.

### Éifeacht

Déantar taighde CNCM a thabhairt isteach i gcomhthéacsanna foghlama agus teagaisc trí chomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara.

### Inrochtaineacht

Cuireann CNCM taighde ar fáil go hoscailte agus ar bhealach inrochtana agus cuireann sí fianaise taighde in iúl ar bhealaí éagsúla.

## Próifíl taighde na heagraíochta

I gcomhréir le Ráiteas Misin CNCM (CNCM, 2022, 14), bíonn forbairt agus comhairle ar chúrsaí curaclaim bunaithe ar thaighde. Tá gníomhaíocht taighde CNCM leathan ionas go mbeidh sí in ann eolas a dhéanamh do '... chomhairle, do phlé agus do dhíospóireacht faoi mhúinteoireacht, faoi fhoghlaim agus faoi mheasúnú' (CNCM, 2022, 14). Cuimsítear leis seo, ach níl sé teoranta do, thaighde a dhéanann CNCM ar ghnéithe nó réimsí ar leith a bhaineann le forbairt curaclaim ar fud an oideachais luathóige, bunscoile agus iar-bhunscoile. Cuimsítear staidéir fhadaimseartha leis freisin a dhéanann eolas d'fhorbairtí ar fud an chórais. Go ginearálta, féadfar cur síos ar aschur taighde CNCM mar aschur a ghintear go hinmheánach nó go seachtrach. Tugann Feidhmeannas CNCM faoi thaighde inmheánach, ach tugann institiúidí agus pearsanra acadúil, comhairleoirí oideachais neamhspleácha nó eagraíochtaí taighde, faoi aschur seachtrach taighde thar ceann CNCM. Úsáideann CNCM na haschuir taighde chun bonn eolais a chur faoina próisis athbhreithnithe curaclaim, forbartha beartais agus comhairle, agus chun tacú leo. Bíodh an prionsabal ginte go hinmheánach nó go seachtrach, tá prionsabal na straitéise ar Ionchuimsitheacht follasach in aidhm CNCM chun freastal ar na guthanna ar fad agus chun na guthanna ar fad a chloisteáil.

## Taighde inmheánach

Tugann Feidhmeannas CNCM faoi thaighde ar roinnt cúiseanna agus i gcomhthéacsanna éagsúla. Mar shampla, d'fhéadfadh go gcuimseofaí léirbhreithnithe ar an litríocht leis na cáipéisí eolais a thacaíonn leis na príomhtheachtaireachtaí a fhorbairt nó le treoir a dhearadh le haghaidh forbairt bhreise, nó d'fhéadfadh sé litríocht taighde a idirghabháil i bpríomhtheachtaireachtaí le haghaidh struchtúir inmheánacha. Bailíonn foireann CNCM sonraí freisin trí obair allamuigh a bhaineann le, mar shampla, comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus athbhreithnithe ar réimsí sonracha soláthair curaclaim. Is iad comhairliúcháin agus athbhreithnithe dá leithéid, a chuirtear i gcrích i gcomhar le páirtnéirí oideachais, a thaispeánann fócas CNCM ar ionchuimsitheacht ach úsáid a bhaint as réimse leathan modhanna i réimse comhthéacsanna agus trí bheith rannpháirteach leis na páirtithe leasmhara ar fud an chórais oideachais. Díríonn CNCM go mion ar na ceisteanna a bhaineann le claonadh taighde, de bharr na gcaidreamh atá ann idir CNCM agus a páirtithe leasmhara, go háirithe maidir le hanailísiú sonraí, agus cuimsítear bearta le dearadh agus modheolaíochtaí an taighde chun claonadh dá leithéid a mhaolú.

## Taighde Seachtrach

Coimisiúnaíonn CNCM réimse suntasach taighde, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. In go leor cásanna, baineann na coimisiúin sin le léirbhreithniú ar an litríocht, a chuimsíonn an teoiric reatha, torthaí taighde agus coincheapa dea-chleachtais. Coimisiúnaíonn CNCM iniúchtaí ar an soláthar idirnáisiúnta i réimsí ar leith agus staidéir chomparáideacha a lonnaíonn Éire sa chomhthéacs idirnáisiúnta freisin. Ina theannta sin, coimisiúnaíonn CNCM acadóirí agus comhairleoirí oideachais neamhspleácha chun tacú le Feidhmeannach CNCM chun an obair allamuigh (m.sh. grúpaí fócais) agus anailísiú sonraí mar chuid de na comhairliúcháin. Cuimsítear comhairliúchán leis na comhairliúcháin CNCM ar fad le daoine óga sna haoisghrúpaí ábhartha, lena n-áirítear babaithe agus páistí óga. Tá roinnt riachtanais faoi leith ag baint lena chinntiú go gcuirtear dearcthaí agus tuairimí na ndaoine óga san áireamh maidir le cúrsaí eitice agus modheolaíochtaí cuí, agus léiríonn an Ráiteas Eiticiúil agus é san áireamh leis an Straitéis Taighde, an cheist seo. Is iad na taighdeoirí

acadúla is mó a chuireann comhairliúchán CNCM le páistí i gcrích ar son CNCM, agus tá dualgas ar na taighdeoirí seo faomhadh eiticiúil a fháil le haghaidh a gcuid oibre leis na páistí óna n-institiúid acadúil. Más rud é go gcuirtear obair sheachtrach i gcrích ar son CNCM le scoláirí, tá na riachtanais chéanna maidir le faomhadh eiticiúil a fháil i bhfeidhm. Is í impleacht bhaill foirne CNCM chun a chinntiú go bhfuil an riachtanas seo le bheith ag obair leis an aos óg follasach in Iarratais ar Tairiscintí agus i gconarthaí iartheachtacha.

Tá mórthionscadail taighde fhadaimseartha coimisiúnaithe ag CNCM freisin, trí phróisis Iarraidh ar Thairiscint a chuir le forbairt cumais i bpobal taighde na hÉireann. Faoi láthair, tá an staidéar fadama Saol Scoile Páistí – arna mhaoiniú ag CNCM – ar siúl ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Faoin staidéar sin, táthar ag iniúchadh taithí bunscoile páistí agus tá sé le críochnú in 2025. Tá staidéar fadaimseartha eile darb ainm Iniúchadh ar Thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach, agus déanann an staidéar seo iniúchadh ar eispéiris na scoileanna leis na hathruithe curaclaim agus measúnaithe a thugtar isteach tríd an gcreat. Is í CNCM a mhaoiníonn an staidéar, agus tá foireann taighde ó Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh á dhéanamh agus beidh sé ar siúl ón mbliain 2020 go dtí 2024.

## Rannpháirtíocht bhreise taighde

Cuireann CNCM le gníomhaíocht taighde i gcomhthéacs níos leithne an oideachais trí dhul i mbun rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta le heagraíochtaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuimsítear tacaíocht leis na samplaí de rannpháirtíocht náisiúnta do Mhalartú Taighde na Múinteoirí ( T-REX), ardán ar líne a forbraíodh trí chuibhreannas d'institiúidí tríú leibhéal á stiúradh ag Coláiste Mhuire gan Smál; Ballraíocht CNCM de SCoTENS (An Bhuanchomhdháil ar Oideachas Múinteoirí ó Thuaidh agus ó Dheas); ballraíocht de choistí ar TIMSS (Staidéar ar Threochtaí ar Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta), PIRLS (Staidéar ar dhul chun cinn na hInniúlachta Léitheoireachta Idirnáisiúnta) agus PISA (Clár le haghaidh Measúnuithe Idirnáisiúnta ar Scoláirí); agus ballraíocht chorparáideach de Chumann Staidéir Oideachais na hÉireann. Tá CNCM rannpháirteach le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Líonra Measúnachta Oideachais Idirnáisiúnta (IEAN); le Cuibhreannas d'Institiúidí um Fhorbairt agus Taighde Oideachais san Eoraip (CIDREE); agus le Association for Educational Assessment, Europe (AEA). Déanann CNCM cinnte go bhfuil deiseanna ag na baill foirne chun freastal ar chomhdhálacha taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú leo chun a mbonn gairmiúil eolais a fhorbairt agus a choinneáil, agus sa chaoi sin, cur lena gcumas a bheith rannpháirteach sa chineál gníomhaíochta sin. Cuireann rannpháirtíocht na mball foirne i dtaighde feabhas ar chumas na heagraíochta chun comhairle curaclaim agus measúnaithe a fhorbairt, comhairle a ndéanann fianaise taighde eolas di. Sa bhreis air sin, tugann foireann CNCM faoi aschuir taighde na heagraíochta a scaipeadh i bhfoirm cur i láthair ag comhdhálacha agus seimineáir náisiúnta agus idirnáisiúnta, i bhfoilseacháin ghairmiúla agus i meáin eile.

## Conclúid

Bíonn ról riachtanach ag an rannpháirtíocht taighde in obair CNCM. Leis an Straitéis Taighde seo, cuirtear ar fáil an creat faoina dtarlaíonn an rannpháirtíocht sin – idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, inmheánach agus seachtrach. Úsáidfear í chun bearta a shainaithint lena ndéanfar an Fhís agus na Prionsabail a chur i bhfeidhm agus a bhaint amach, agus déanfar athbhreithniú uirthi nuair atá Plean Straitéiseach CNCM á athnuachan.

## Tagairt

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022) *Plean Straitéiseach 2022-2025*. Ar fáil ag:https://ncca.ie/media/5515/strategic-plan-2022-2025.pdf

# Aguisín 1: Ráiteas Eiticiúil chun tacú leis an Straitéis Taighde agus chun bonn eolais a chur fúithi

## Comhthéacs agus réasúnaíocht le haghaidh an Ráitis Eiticiúil

- Baineann na príomhchleachtais taighde de chuid CNCM le modhanna curaclaim agus measúnachta nua nó athbhreithnithe a fhorbairt chomh maith le hathbhreithniú ar na modhanna reatha a stiúrann Feidhmeannas lánaimseartha na heagraíochta. Cuimsítear lena cleachtais; cuir chuige cháilíochtúla agus chainníochtúla maidir le sonraí a bhailiú. Leagann Straitéis Taighde CNCM nádúr na gcur chuige taighde a dtugtar fúthu chun tacú le curaclam agus measúnacht a fhorbairt. Cuimsítear leis na cuir chuige seo ach níl siad teoranta do:
    - Taighde deasc-bhunaithe
    - Rannpháirtíocht saineolaithe seachtracha i réimsí faoi leith trí thaighde coimisiúnaithe
    - Dearadh, cur i bhfeidhm agus measúnú ar thaighde agus ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear daoine óga
    - Comhoibriú taighde le gníomhaireachtaí seachtracha agus le daoine aonair seachtracha.
- Aithnítear go bhfuil na modheolaíochtaí a úsáidtear i ngníomhaíochtaí agus i gcomhoibriú taighde CNCM, agus na himpleachtaí eiticiúla bainteacha éagsúil. Tugtar faoi deara chomh maith go bhfuil dualgas ar na páirtnéirí atá rannpháirteach chun oibriú le CNCM faomhadh eiticiúil a fháil agus chun cloí leis an bhfaomhadh céanna óna n-eagraíocht nó óna n-institiúid féin, amhail ollscoil nó gníomhaireacht taighde.
- Déantar cur síos ar an taighde a dhéanann Feidhmeannach CNCM sa rannán faoi Thaighde Inmheánach, agus is iondúil go ndéantar an taighde seo le páirtithe leasmhara i gcomhthéacs comhairliúcháin ar an gcuraclam, agus tá cuspóir difriúil aige le hais taighde a dhéanann taighdeoirí acadúla mar shampla. (Níl ann ach roinnt bheag eisceachtaí air seo i

gcás tionscadail chomhoibríocha taighde, ar nós Erasmus Plus nó tionscadail CIDREE, mar shampla.)

- Níl na catagóirí a aithnítear sa ráiteas seo a leanas ceaptha a bheith mar liosta críochnaitheach de ghníomhaíochtaí taighde CNCM. Luaitear anseo iad mar mhachnaimh eiticiúla faoi leith a d'fhéadfadh a bheith ábhartha ar bhonn rialta le linn obair CNCM. Samhlaítear gur cheart na horduithe eiticiúla ginearálta a aithnítear anseo, agus a ndéanann na prionsabail Straitéise Taighde eolas dóibh, a chur i bhfeidhm in aon chomhthéacs taighde a thagann chun cinn do CNCM.

## Ráiteas Eiticiúil

| Téama Eiticiúil | Ráiteas |
|---|---|
| **Cleachtais taighde ghinearálta agus cultúr** | Déantar feasacht agus meas ar na prionsabail dár Straitéis Taighde a chur chun cinn agus a chothú. |
| **Bearta Cosanta Taighde** | Cloíonn an taighde leis na riachtanais dhlíthiúla chuí. |
| **Ómós agus cúram do na rannpháirtithe taighde** | Tugtar eolas do na taighdeoirí agus do na rannpháirtithe taighde faoina gcearta agus faoina bhfreagrachtaí agus tá siad ar an eolas faoi na cearta agus na freagrachtaí céanna agus taispeántar ómós dóibh, tugtar aire dóibh agus caitear go measúil leo. |
| **Cleachtais agus Nósanna Imeachta Taighde** | Tá tiomantas follasach ar fud an phróisis taighde do smaointeoireacht agus do chleachtais chomhaimseartha ar ardchaighdeán. |
| **Riarachán taighde agus bainistíocht sonraí** | Tá riarachán agus bainistíocht na sonraí taighde ar aon dul leis na prótacail agus leis na cleachtais chuí |
| **Taighde a dhéanamh le daoine óga** | Tá taighde le daoine óga ar aon dul le treoraíocht reachtúil agus glaonn sé ar na bearta cosanta cuí. |
| **Comhoibriú ar an taighde** | Déantar na cleachtais chomhoibríocha go macánta agus trí phróiseas trédhearcach. |
| **Cumarsáid phoiblí agus machnaimh shochaíocha** | Ailíníonn cumarsáid an taighde le tiomantas CNCM do rochtain. |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment